IMEACHTA CÚIRTE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Iarraidh ar Thuairim Chomhairleach ó Chúirt CSTE ó Verwaltungsgerichtshof des Fürstentums Liechtenstein dar dáta an 26 Meán Fómhair 2022 i gcás RS v Steuerverwaltung des Fürstentums Liechtenstein**

**(Cás E-11/22)**

(2023/C 49/05)

An 30 Meán Fómhair 2022 fuair Clárlann na Cúirte iarraidh dar dáta 26 Meán Fómhair 2022 a rinne Verwaltungsgerichtshof des Fürstentums Liechtenstein (Cúirt Riaracháin Phrionsacht Lichtinstéin), ar iarraidh í ar Thuairim Chomhairleach a fháil ó Chúirt CSTE i gcás *RS* v *Steuerverwaltung des Fürstentums Liechtenstein* (Údarás Fioscach Phrionsacht Lichtinstéin) maidir leis an gceist seo a leanas:

An mór Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 28(2) de Chomhaontú LEE a thuiscint mar chosc ar ráta cánach níos airde a chur i bhfeidhm maidir le cánachas ar thuilleamh a fhaigheann náisiúnaigh de Bhallstát LEE trí ghníomhaíocht i Lichtinstéin ina gcáil mar dhuine fostaithe, ar náisiúnaigh iad nach bhfuil cónaitheach chun críoch cánach ar chríoch náisiúnta (Lichtinstéin), i gcomparáid le daoine atá faoi dhliteanas cánach agus atá cónaitheach chun críoch cánach ar chríoch náisiúnta (Lichtinstéin), agus cánacha á measúnú i leith na mblianta cánach suas go dtí 2020, a mhéid nach ndearnadh measúnú deiridh orthu go fóill?